FOIRM UM ORD ÍOCAÍOCHTA NA dTEIDLÍOCHTAÍ 2007

IARRATAS AR ORD NA hÍOCAÍOCHTA, UM THEIDLÍOCHTAÍ A BHFUIL LUACHANNA ÉAGSÚLA ORTHU, A ATHRÚ, MAIDIR LE SCÉIM AONÍOCÍOCHTA (SPS) 2007

Níl ach teidlíochtaí Caighdeánacha, nó teidlíochtaí Caighdeánacha agus teidlíochtaí "Cur i leataobh", ag formhór na n-iarratasóirí faoi Scéim na hAoníocíochta**. Más amhlaidh duitse, ní gá duit an fhoirm seo a chur ar ais.** Déanfar íocaíocht, bunaithe ar líon na heicteár incháilithe a dearbhaíodh ar d'fhoirm iarratais SPS (Scéim na hAoníocaíochta) 2007.

Tá teidlíochta de chineáil éagsúla ag roinnt iarratasóirí faoi Scéim na hAoníocaíochta, ámh. Mar shampla, d'fhéadfadh teidlíochtaí "Cúltaisce Náisiúnta" a bheith agat (trí Chomhdhlúthú nó leithdháileadh díreach ón gCúltaisce Náisiúnta) chomh maith le teidlíochtaí Caighdeánacha Aistrithe (de bharr teidlíochtaí breise a fháil ar léas etc).

Nuair nach n-úsáidtear na teidlíochtaí go léir in 2007 toisc nach bhfuil heicteár incháilithe talún agat le haghaidh gach teidlíochta, déanfar íocaíocht san ord seo a leanas:

Ar dtús: Tugtar tús áite do theidlíochtaí "cur i leataobh", más infheidhme, ar na teidlíochtaí Aoníocaíochta eile go léir.

Sa dara háit: Teidlíochtaí a thagann ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta.

Ina dhiaidh sin, teidlíochtaí Caighdeánacha, teidlíochtaí Caighdeánacha Aistrithe nó teidlíochtaí méadaithe "Cúltaisce Náisiúnta" **ag tosú leis na teidlíochtaí is luachmhara**.

Nuair nach bhfuil ach teidlíochtaí "COINNÍOLL SPEISIALTA" ag iarratasóir, íocfar iad seo leo féin.

B'fhéidir gur mhaith leat Ord Íocaíochta eile a roghnú tríd an fhoirm thall a chomhlánú. Cuir isteach an tOrd Íocaíochta is mian leat i gColún 6, trí 1 a chur i gcolún 6 in aghaidh na dteidlíochtaí atá le híoc ar dtús, 2 a chur i gcolún 6 in aghaidh na dteidlíochtaí atá le híoc sa dara háit, agus mar sin de.

Tabhair an méid seo a leanas faoi deara, ámh:

- Caithfear teidlíochtaí a leithdháileadh ina n-iomláine ón gCúltaisce Náisiúnta a éileamh gach bliain le haghaidh 5 bliana, nó tabharfar ar ais láithreach don Chúltaisce Náisiúnta iad.
- Nuair a chuirtear níos mó ná 20% le teidlíochtaí, ón gCúltaisce Náisiúnta, ní thabharfar ach an bhreis, a fuarthas ón gCúltaisce, ar ais don Chúltaisce.
- Is é 2007 an bhliain deireanach le haghaidh teidlíochtaí a úsáid nár úsáideadh in 2005 nó in 2006; nó rachaidh siadsan freisin i bhfrithdhílse chuig an gCúltaisce Náisiúnta. Is féidir leat dá bhrí sin an fhoirm seo a úsáid chun teidlíochtaí in 2007 a iarraidh nár úsáideadh in 2005 nó 2006. Cinntigh go síníonn tú agus go gcuireann tú an dáta ar an bhfoirm seo, agus go gcuireann tú ar ais é le d'fhoirm SPS (Scéim na hAoníocaíochta) 2007 ar nó roimh 4 Bealtaine 2007.

Nuair atá an fhoirm seo comhlánaithe agat, cuir ar ais go dtí an seoladh thíos í, le do thoil:

An Roinn Talmhaíochta agus Bia,
Aonad Aoníocaíochta **(Foirm 2007),**
Seanbhóthar Mhainistir Laoise,
Port Laoise,
Contae Laoise

FOIRM UM ORD ÍOCAÍOCHTA NA dTEIDLÍOCHTAÍ 2007.

IARRATAS AR ORD NA hÍOCAÍOCHTA, UM THEIDLÍOCHTAÍ A BHFUIL LUACHANNA ÉAGSÚLA ORTHU, A ATHRÚ, MAIDIR LE SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA (SPS) AN AE 2007

AINM AGUS SEOLADH	**Uimhir Tréada:** **.....** **Uimh. Aith. (ID) na dTeidlíochtaí:**

TÁ SONRAÍ DO CHUID TEIDLÍOCHTAÍ FAOIN SCÉIM AONÍOCAÍOCHTA AG DÁTA NA PRIONTÁLA RÉAMHPHRIONTÁILTE SA TÁBLA THÍOS. NÍ ÁIRITEAR BEART AR BITH A GCUIR TÚ ISTEACH AIR, MAR SHAMPLA IARRATAS AR THRÁDÁIL NÓ CHOMHDHLÚTHÚ, NACH BHFUIL TUGTHA FÓS CHUN CRÍCHE.
Tá línte bána curtha ar fáil duit le haghaidh sonraí de theidlíochtaí breise ar bith a fuair tú trí aistriú/aistrithe agus nach bhfuil san áireamh sa ráiteas priontáilte thíos. Ba chóir Colúin 4 agus 5 a fhágáil bán i gcásanna dá leithéid. Is féidir bileog leanúna a iarraidh má tá sí ag teastáil.

1.Cineál Teidlíochta	**2.Líon na dteidlíochtaí**	**3. Glanluach Aonaid de gach teidlíocht €**	**4.Líon na dTeidlíochtaí a rachaidh ar ais chuig an gCúltaisce Náisiúnta, mura n-éilítear iad in 2007, nó luach na mbreiseanna "Cúltaisce Náisiúnta" a bhfuil tú ina dteideal, a rachaidh ar ais chuig an gCúltaisce Náisiúnta, mura n-éilítear iad in 2007**		**5.Aitheantóir Grúpa Teidlíochta**	**6.Ord Íocaíochta na dteidlíochtaí**
			Líon	Luach Iomlán **€**		

TEIDLÍOCHTAÍ "CUR I LEATAOBH"

CEANGLÓFAR TEIDLÍOCHTAÍ "CUR I LEATAOBH" LEIS AN TALAMH "CUR I LEATAOBH" A DEARBHAÍODH AR D'IARRATAS SPS (AONÍOCAÍOCHT), AGUS ÍOCFAR IAD ROIMH GACH TEIDLÍOCHT AONÍOCAÍOCHTA EILE.

1.Cineál Teidlíochta	**2. Líon na dTeidlíochtaí**	**3.Luach gach teidlíochta €**	**4.Líon na dTeidlíochtaí a rachaidh ar ais chuig an gCúltaisce Náisiúnta, mura n-éilítear iad in 2007**		**5.Aitheantóir Grúpa Teidlíochta**
			Líon	**Luach Iomlán €**	

IARRAIM LEIS SEO GO nDÉANFAR MÉ A ÍOC, FAOI SCÉIM NA hAONÍOCAÍOCHTA 2007, SAN ORD ATÁ LEAGTHA AMACH THUAS, AGUS AR AON BHILEOG LEANÚNA, MÁS CUÍ.
SÍNIÚ: _____ DÁTA: ____/_____/2007